2024/3094

10.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3094 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Samhain 2024

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le gairis roghnaitheacha áirithe chun gabhálacha trosc de thaisme i Muir Bhailt a laghdú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 24(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, Cuid B, pointe 1.3.1.1, déantar foráil maidir le gairis roghnaíochta áirithe a cheanglaítear leis an trealamh iascaireachta, chun gabhálacha trosc de thaisme i Muir Bhailt a laghdú agus iascaireacht á déanamh ar leathóga i bhforanna 22-26 CITM.

(2) Ba cheart sonraíochtaí teicniúla na ngaireas sin a leagan síos.

(3) Ba cheart baint a bheith ag na sonraíochtaí teicniúla sin go háirithe le húsáid feiste roghnaíochta Roofless, soc-fhoirceann T90 modhnaithe (ag a bhfuil mogallmhéid 125 mm ar a laghad agus ina dtreisítear leis na dlúthchiumhaiseanna le téada imill) agus soc-fhoirceann an mhogaill chearnógaigh (atá comhdhéanta de dhá phainéal agus ag a bhfuil mogallmhéid íosta 125 mm ar a laghad).

(4) Tháinig an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) ar an gconclúid [2] go bhfuil na sonraíochtaí teicniúla sin mionsonraithe agus leordhóthanach chun críoch cur chun feidhme.

(5) Rinne CETEI meastóireacht freisin ar roinnt sonraíochtaí breise a mhol na Ballstáit le linn chruinniú an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú i mí Mheán Fómhair 2022. Baineann na sonraíochtaí sin le leagan nua den tuairisc theicniúil ar na trealaimh. Tháinig CETEI ar an gconclúid [3] go bhfuil na sonraíochtaí atá beartaithe níos soiléire agus níos simplí agus nach laghdaítear leo feidhmiúlacht ná roghnaíocht na ngaireas.

(6) Ba cheart dóthain ama a thabhairt d'úinéirí soithí chun a soithí a fheistiú leis na gairis roghnaíochta nua.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

[1] IO L 198, 25.7.2019, lch. 105.
[2] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/14840948/STECF+PLEN+21-03.pdf/0909ec89-4bf6-4eeb-bb94-e2cf5a19bc92.
[3] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/43440856/STECF+PLEN+22-03.pdf/d0acb3d4-6b6a-4067-9d08-0b6004660e25.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a fhoráiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh sonraíochtaí teicniúla na ngaireas roghnaíochta dá dtagraítear i gCuid B, pointe 1.3.1.1, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I. **Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'líontán gan snaidhmeanna' líontán atá comhdhéanta de mhogaill cheithrethaobhacha, áit a ndéantar na cúinní trí shreanga dhá thaobh den mhogall atá cóngarach dá chéile a fhí le chéile;

(2) ciallaíonn 'líon lena gcumasaítear roghnaíocht mhodúlach (NEMOS)' cuid lín ceithre phainéal atá suite idir an chuid bharrchaolaithe dheireanach den trál agus an soc-fhoirceann, agus atá ceaptha sa chaoi gur féidir gairis roghnaíocha a ghléasadh isteach ann.

II. **Sonraíochtaí teicniúla shoc-fhoirceann an mhogaill chearnógaigh (Uimhir aitheantais an Trealaimh: SMC_125)**

1. Beidh an soc-fhoirceann déanta de dhá phainéal de mhogall cearnógach a bhfuil na toisí céanna acu, agus a bheidh ceangailte le chéile le dlúthchiumhaiseanna, ceann ar gach taobh agus iad ar comhfhad.

2. An líon barraí saora in aon imlíne, seachas iad siúd atá sna dlúthchiumhaiseanna, beidh siad seasmhach ó chuid tosaigh an tsínidh go dtí an chuid is faide siar den soc-fhoirceann.

3. Is é 125 mm a bheidh in íosmhéid na mogall cearnógach. Beidh an líontán feistithe sa chaoi go mbíonn na barraí comhthreomhar agus ingearach le fad an tsoc-fhoircinn.

4. Snáth singil bréadaithe gan snaidhm a bhfuil tiús sreangáin 5 mm ar a laghad aige a bheidh sa líontán mogaill chearnógaigh, nó líontán a bhfuil airíonna roghnaíocha cruthaithe comhchosúla aige.

5. 50 barra saor a bheidh san uaslíon barraí saora in imlíne an tsoc-fhoircinn.


6. 5,5 m ar a laghad a bheidh i bhfad na coda de mhogall cearnógach.

7. Beidh ceann tosaigh shoc-fhoirceann an mhogaill chearnógaigh nasctha le líontán muileata an tráil ag a bhfuil cóimheas ceangail idir 1 bharra (mogall cearnógach) agus 2 shnaidhm (mogalra muileata).

8. Chun suiteáil agus oibriú an dorú lásála a éascú, cuirfear isteach cuid de na mogalraí muileata ar chúl shoc-fhoirceann an mhogaill chearnógaigh ag a bhfuil cóimheas ceangail idir 2 shnaidhm (mogalra muileata) agus 1 bharra (mogall cearnógach). Tiocfaidh deireadh leis na mogaill chearnógacha laistigh de cheithre mhogall ón soc-fhoirceann, agus ró na mogall atá lámhbhréadaithe agus trína gcuirtear an dorú lásála san áireamh leis sin. 105 mm a bheidh i mogallmhéid íosta na mogalraí muileata, agus iad déanta de shnáitheanna poileitiléine nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i gcás sreinge singile nó nach bhfuil níos mó ná 4 mm ar tiús i gcás sreinge dúbailte.

9. Léirítear i bhFíor 1 sampla de shoc-fhoirceann an mhogaill chearnógaigh a chomhlíonann ceanglais dhlíthiúla.

Fíor 1



III. **Sonraíochtaí teicniúla shoc-fhoirceann T90 modhnaithe (Uimhir aitheantais an Trealaimh: T90_125_2P_LR)**

1. 125 mm a bheidh i mogallmhéid an tsoc-fhoircinn.

2. Beidh ábhar an tsnátha déanta as snáitheanna poileitiléine nach bhfuil níos mó ná 6 mm ar tiús i gcás sreinge singile nó nach bhfuil níos mó ná 4 mm ar tiús i gcás sreinge dúbailte.

3. Saineofar fad an tsoc-fhoircinn le fad sínte téide frithshíntí atá ceangailte le gach dlúthchiumhais den soc-fhoirceann. 6 m ar a laghad a bheidh i bhfad na téide frithshíntí.

4. Beidh na téada frithshínteacha déanta de PP Danline ag a bhfuil trastomhas 18 mm ar a laghad.


5. Ceanglófar na téada frithshínteacha leis na dlúthchiumhaiseanna ar bhealach aonfhoirmeach agus is é an cóimheas a bheidh ann 10 mogall soc-fhoircinn in aghaidh 90 cm de théad.

6. Nascfar soc-fhoirceann T90 le síneadh T90 a bheidh déanta den líontán céanna, mar a thuairiscítear i gcás an tsoc-fhoircinn, nó le cuid lín roghnaíoch den trál.

7. 50 mogall cruinn a bheidh sa líon uasta mogall in aon imlíne den soc-fhoirceann *sensu strictu* agus den síneadh, gan ceangail ná dlúthchiumhaiseanna san áireamh

8. Léirítear i bhFíor 2 sampla de shoc-fhoirceann modhnaithe T90.

Fíor 2



IV. **Sonraíochtaí teicniúla NEMOS agus ROOFLESS (Uimhir aitheantais an Trealaimh: NEMOS+RL175)**

(a) NEMOS

1. Beidh NEMOS déanta de cheithre phainéal den leithead céanna agus ag a bhfuil fad íosta 4,5 méadar.

2. Beidh ceithre phainéal NEMOS déanta de líontán muileata traidisiúnta, agus beidh an mhogallmhéid ainmniúil chéanna (sínte) acu agus atá ag an soc-fhoirceann lena mbeidh siad ceangailte (neamhspleách ar chineál an tsoc-fhoircinn).

3. Beidh an líon mogall saor (gan na mogaill sna dlúthchiumhaiseanna a áireamh) i dtoise leithid gach painéil de ghaireas NEMOS cothrom le 25 % den líon mogall saor in imlíne shoc-fhoirceann an mhogaill mhuileata lena bhfuil sé ceangailte, nó 50 % den líon mogall saor in imlíne soc-fhoircinn mogaill chearnógaigh nó shoc-fhoirceann T90.

4. Nuair atá sé ceangailte le trál 2-phainéal, beifear in ann imeall tosaigh an ghairis NEMOS a cheangal le corp an tráil le cuibheoir painéil 2-go-4 atá déanta as an ábhar líontáin céanna, agus leath fad NEMOS ar a laghad.

5. Nuair atá sé ceangailte le soc-fhoirceann 2 phainéal, déanfaidh cuibheoir a bhfuil tuairisc air i bpointe 4 ciumhais chúil an ghairis NEMOS a nascadh leis an soc-fhoirceann, ach ina mhalairt de dhiúscairt.

6. Chun trasghearradh cobhsaí de NEMOS a áirithiú, féadfar NEMOS a rigeáil go roghnach le heilimintí breise, mar shampla snámháin agus meáchain.

(b) ROOFLESS

1. Cuid dhronuilleogach le ciumhaiseanna díreacha a bheidh san fhuinneog éalaithe.

2. Beidh an fhuinneog éalaithe 175 cm ar fad ar a laghad. Beidh leithead na fuinneoige cothrom le leithead bharrphainéal NEMOS, gan na mogaill sna dlúthchiumhaiseanna a áireamh.

3. Beidh imeall tosaigh na fuinneoige éalaithe suite ag 25 % (+/- dhá mhogall) d'fhad iomlán an bharrphainéil, agus críochnóidh sé dhá mhogall ar a laghad ó chiumhais chúil an phainéil.

(c) SONRAÍOCHTAÍ EILE NEMOS agus ROOFLESS


1. Ardófar an barrphainéal díreach os comhair na fuinneoige éalaithe le dhá shnámhán a bheidh suite i líne i ndiaidh a chéile. 200 mm ar a laghad a bheidh i dtrastomhas na snámhán.

2. Má chuirtear i bhfeidhm iad, déanfar snámháin agus meáchain a cheangal i línte leis na dlúthchiumhaiseanna íochtaracha agus uachtaracha, faoi seach. An chuid de NEMOS ina mbunófar ROOFLESS, coimeádfar saor ó shnámháin agus ó mheáchain í. Úsáidfear snámháin agus meáchain go péireáilte le haghaidh taobhanna calafoirt agus deasbhoird. Déanfar gach líne snámhán atá ceangailte leis an dlúthchiumhais uachtarach a phéireáil le líne meáchan sa dlúthchiumhais íochtarach. Chun a áirithiú nach ndéanfar NEMOS a ríochan go ceartingearach an iomarca, (agus dá bhrí sin chun éalú trosc a laghdú), ní rachaidh na línte meáchan thar bhuacacht dhiúltach atá cothrom le 4kg/m, agus sé aonad ar a mhéad a bheidh sna línte snámhán, agus 120 mm ar trastomhas ar a mhéad a bheidh i ngach ceann acu.

3. Déanfar ciumhais an phainéil lín tar éis na fuinneoige éalaithe a chobhsú le slat dhocht a nascfar leis an líontán ag cóimheas crochta idir 0,3 agus 0,4. Déanfar slat dhocht bhreise a mbeidh na saintréithe céanna agus an fad céanna aici a cheangal leis an bpainéal íochtarach díreach faoi bhun na slaite doichte sa bharrphainéal.


4. Léirítear NEMOS agus ROOFLESS i bhFíoracha 3 agus 4.

Fíor 3



Sonraí tógála agus radharc isiméadrach NEMOS + ROOFLESS a forbraíodh mar ghaireas laghdaithe gabhála trosc i gcomhair iascaigh leathóg.

Fíor 4



Líníocht theicniúil scéimreach (amharc ón mbarr agus ón taobh) de NEMOS + ROOFLESS.